Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025
(OR. en)

9573/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2008/0140(CNS)**

**ANTIDISCRIM 58**
**FREMP 141**
**GENDER 56**
**JAI 698**
**MI 344**
**SOC 324**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5747/25 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh<br>- *Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

## I. RÉAMHRÁ

An 2 Iúil 2008, chuir an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, arb é is aidhm dó an chosaint ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta a leathnú go réimsí eile taobh amuigh den fhostaíocht. Agus reachtaíocht an Aontais[1] atá ann cheana sa réimse sin á comhlánú, dhéanfaí, leis an treoir chothrománach um chóir chomhionann atá beartaithe, idirdhealú ar na forais thuasluaite a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht.

[1] Go háirithe, Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE ón gComhairle.

Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, is faoi Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (nós imeachta reachtach speisialta) a thagann an togra anois; fágann sin, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil aontoilíocht ag teastáil sa Chomhairle.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 2 Aibreán 2009[2] faoin Nós Imeachta Comhairliúcháin. Beidh ar an gComhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh maidir leis an téacs críochnaitheach.

Cé go bhfuil an togra á phlé le beagnach 17 mbliana anuas, agus gur chuir gach Uachtaránacht, geall leis, an comhad ar chlár oibre na Comhairle, ní rabhthas in ann teacht ar chomhaontú go dtí seo. Cuireadh an Tuarascáil is déanaí ar Dhul Chun Cinn[3] faoi bhráid Chomhairle EPSCO an 20 Meitheamh 2024.

Cé go bhfuil tromlach mór na dtoscaireachtaí ag tacú leis an Treoir le fada an lá, agus go n-aontaíonn siad leis an aidhm atá aici an creat dlíthiúil atá ann cheana a chomhlánú trí aghaidh a thabhairt ar na ceithre fhoras idirdhealaithe uile trí chur chuige cothrománach, chuir roinnt eile acu a n-imní in iúl agus d'iarr siad soiléirithe maidir leis an easpa deimhneachta dlíthiúla a mheastar a bheith ann, roinnt na n-inniúlachtaí agus comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta, agus tionchar an togra, go háirithe i dtéarmaí na n-impleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann.

Rinneadh mór-athdhréachtú thar na blianta chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a cuireadh in iúl, lena n-áirítear soiléiriú ar na hoibleagáidí dlíthiúla maidir le substaint agus roinnt na n-inniúlachtaí araon, agus an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag an dréacht-Treoir a theorannú go mór.

Meabhraítear gur chuir tromlach mór na mBallstát in iúl go neamhbhalbh arís agus arís eile ar leibhéal na n-airí, le bliain anuas, gur fóirsteanach, tráthúil agus riachtanach teacht ar chomhaontú maidir leis an togra seo atá á phlé le fada fada an lá.[4]

---

2 Féach A6-0149/2009. Cheap an Pharlaimint reatha Alice Kuhnke (SE/na Glasaigh/an tSaor-Chomhghuaillíocht Eorpach) ina rapóirtéir.

3 10817/24.

4 Cruinnithe Chomhairle EPSCO an 7 Bealtaine 2024, an 20 Meitheamh 2024 agus an 2 Nollaig 2024.

Thacaigh an Coimisiún leis an iarracht teacht ar chomhréiteach agus, ag an am céanna, choimeád sé forchoimeádas grinnscrúdaithe maidir le haon athruithe ar a thogra bunaidh ag an gcéim seo.

## II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA POLAINNE

Le linn Uachtaránacht na Polainne, chuathas i mbun oibre ar an togra d'fhonn an aontoilíocht a bhaint amach. Bunaithe ar an téacs comhréitigh a thíolaic Uachtaránacht na Beilge in 2024, pléadh an togra leasaithe trí huaire in Coreper[5] agus freisin ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 25 Feabhra. Ba phointe faisnéise é freisin ag Comhairle EPSCO an 10 Márta.

Ag Coreper an 5 Feabhra, thacaigh tromlach na mBallstát leis an téacs comhréitigh reatha agus leis an sprioc teacht ar chur chuige ginearálta i dtionól na Comhairle an 19 Meitheamh 2025.

Sa chlár oibre dá chuid 2025, a foilsíodh an 11 Feabhra 2025, d'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige an togra le haghaidh Treoir maidir le Cóir Chomhionann, a tharraingt siar.

Mar fhreagairt air sin, ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 25 Feabhra, d'iarr 9 mBallstát ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar an rún atá aige an togra a tharraingt siar. Chuir 13 Bhallstát an tuairim sin in iúl freisin ag Comhairle EPSCO an 10 Márta.

Idir an dá linn, bhí plé déthaobhach ag an Uachtaránacht leis na toscaireachtaí sin a bhfuil imní orthu i gcónaí, ag féachaint le teacht ar réitigh agus an bealach a réiteach don aontoilíocht sula dtarraingeofaí siar an togra. Ba é aidhm shonraithe na hUachtaránachta teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra ag Comhairle EPSCO an 19 Meitheamh. Mar sin féin, le linn an phlé a bhí ag Coreper an 28 Bealtaine, nuair a thíolaic an Uachtaránacht dréachtchlár oibre chruinniú sin na Comhairle, bhí forchoimeádais ghinearálta ag trí thoscaireacht i rith an ama, rud a thug le fíos nár éirigh leo an aontoilíocht atá de dhíth a bhaint amach go fóill. In ainneoin sin, tá tromlach mór na dtoscaireachtaí ag tacú i gcónaí leis an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht agus leis an aidhm teacht ar chur chuige ginearálta i dtionól na Comhairle.

---

[5] An 5 Feabhra, an 28 Bealtaine, agus an 11 Meitheamh.

## III. <u>CONCLÚID</u>

In éagmais aon mholtaí breise maidir le dréachtú ó na Ballstáit sin a bhfuil ábhair imní acu atá fós gan réiteach, níor fhéad an Uachtaránacht téacs comhréitigh nua a mholadh. Fós féin, chuir formhór mór na dtoscaireachtaí in iúl arís eile go dtacaíonn siad go láidir le hinneachar an téacs is déanaí agus go bhfuil siad i bhfabhar é a ghlacadh go gasta.[6]

Reáchtálfar díospóireacht bheartais i dtionól Chomhairle EPSCO i mí an Mheithimh chun treoir a thabhairt maidir le teacht ar chomhréiteach agus maidir leis an ngá atá le togra malartach lena mbunófaí creat comhleanúnach reachtaíochta i gcoinne an idirdhealaithe san Aontas.

---

[6] 10817/24.